2024/2197

5.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2197 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meán Fómhair 2024

maidir le neamh-fhormheas púdair blaoisce uibhe mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 13(2) i gcomhar le hAirteagal 23(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Meitheamh 2020 fuair an Coimisiún iarratas ó SAMO ('an t-iarratasóir') ar fhormheas púdar blaoisce uibhe mar shubstaint bhunata lena húsáid i gcosaint plandaí mar éarthach fungais ar fhíniúin.

(2) Fuair an Coimisiún an chéad athbhreithniú ar an iarratas an 12 Meán Fómhair 2021. Tar éis na seiceála inghlacthachta críochnaithí, bhí an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 23(3), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leis an iarratas, mar a fuarthas é an 4 Márta 2022.

(3) Bhí roinnt meastóireachtaí ábhartha ar fáil, meastóireachtaí a rinneadh i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Bhí roinnt conclúidí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar fáil chomh maith le Tuairimí Eolaíocha éagsúla ó Phainéal ANS, ó Phainéal CEP, ó Phainéal CONTAM, ó Phainéal FAF agus ó Phainéal NDA de chuid an Údaráis [2]. Chuir an tÚdarás agus an Coimisiún araon toradh na meastóireachtaí sin san áireamh.

(4) D'iarr an Coimisiún cúnamh eolaíoch ar an Údarás de bhun Airteagal 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Sholáthair an tÚdarás tuarascáil theicniúil don Choimisiún maidir le púdar blaoisce uibhe an 31 Deireadh Fómhair 2023 [3].

(5) Maidir le céannacht an táirge, dúirt an tÚdarás go bhfuil paraiméadair bheachta an phróisis táirgthe doiléir. Thug an tÚdarás dá aire go dtáirgfear ábhair de chomhdhéanamh éagsúil agus le hairíonna éagsúla (e.g. pH) de réir na teochta a úsáidtear agus de réir fhad an téimh. Is iad carbónáit chailciam/ocsaíd chailciam ($CaCO_3$/ CaO) príomhábhair (thart ar 50 %) na substainte bunataí atá beartaithe, agus na hábhair sin inti i gcion éagsúil de réir choinníollacha an phróisis monaraíochta. Is substaint ghníomhach formheasta é $CaCO_3$ [4] de réir Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Aicmítear CaO mar shubstaint is cúis le damáiste tromchúiseach súile de Chatagóir 1, de réir an pH, mar shubstaint is cúis le greannú craicinn, agus mar shubstaint a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le greannú riospráide.

[1] IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

[2] Tá na tagairtí do na meastóireachtaí sin le fáil sa Chonclúid ó EFSA. Painéal EFSA um Breiseáin agus Foinsí Substaintí Cothaitheacha a chuirtear le Bia (ANS); Painéal EFSA ar Ábhair a bhíonn i dTadhall le Bia, Einsímí, agus Áiseanna Próiseála (CEP); Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Painéal EFSA maidir le Breiseáin Bhia agus Blastáin (FAF); Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Alléirgí (NDA). Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-8434. 20 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-8434.

[3] EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023. *Overall conclusions on the application for approval of eggshell powder as a basic substance to be used in plant protection as a fungifuge on grapevines* [Conclúidí foriomlána maidir leis an iarratas ar fhormheas púdair blaoisce uibhe mar shubstaint bhunata lena húsáid i gcosaint plandaí mar éarthach fungais ar fhíniúnacha]. Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-8434. 20 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-8434.

[4] IO L 313, 6.9.2021, lch. 15.

(6) Maidir le sláinte an duine, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, agus an cion luaidhe sa phúdar blaoisce uibhe de réir na sonraíochta a sholáthair an t-iarratasóir á chur san áireamh, go bhféadfadh ábhar imní a bheith ann i ndáil le héifeachtaí néarfhorbartha ar bhonn meastacháin ar an nochtadh cothúcháin i leith tomhaltóirí (i gcás tomhaltóirí móra fíonchaora boird (leanaí) agus fíniúnacha coiteanna (daoine fásta)). Dá bhrí sin, maidir leis an úsáid atá beartaithe le haghaidh púdair blaoisce uibhe a bhfuil an leibhéal sonraíochta luaidhe atá beartaithe ann, dhearbhaigh an tÚdarás nach féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil an úsáid sin sábháilte. Ina theannta sin, de réir an Údaráis, tá an-dóchúlacht ann go mbeidh iarmhair an phúdair blaoisce uibhe i láthair ar na caora mar gheall ar an leathadh deireanach de phúdar blaoisce uibhe atá beartaithe tráth a bheidh na caora aibí agus réidh le baint. Thug an tÚdarás dá aire freisin nach mór lipéadú ailléirginí a bheith ar uibheacha agus ar tháirgí a dhíorthaítear astu faoi dhlí bia an Aontais ([5]). Bheadh lipéadú éigeantach ar na hearraí bia críochnaitheacha mar thoradh air sin.

(7) Maidir le héifeacht an phúdair blaoisce uibhe ar an gcomhshaol, thug an tÚdarás dá aire gur beag sonraí atá le fáil sa sainchomhad i ndáil le measúnú nochta agus guaise i dtaca le horgánaigh nach spriocorgánaigh iad. Thairis sin, ní raibh measúnú riosca cainníochtúil ná measúnú riosca a bhí bunaithe go fónta ar thromachar na fianaise ar fáil i dtaca le haon ghrúpa orgánach nach spriocorgánaigh iad.

(8) Chuir an Coimisiún an tuarascáil maidir le hathbhreithniú ([6]) agus dréacht den Rialachán Cur Chun Feidhme seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 22 Bealtaine 2024 agus an 10 Iúil 2024, faoi seach.

(9) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha féin a chur isteach i ndáil leis an tuarascáil theicniúil ón Údaráis agus i ndáil leis an tuarascáil maidir le hathbhreithniú ón gCoimisiún. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus tugadh aird chuí orthu.

(10) Mar sin féin, d'ainneoin na n-argóintí a rinne an t-iarratasóir, ní fhéadfaí deireadh a chur leis na hábhair imní a bhain le sábháilteacht úsáid na substainte sin maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

(11) Dá thoradh sin, níor suíodh go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí a bhunú nach bhformheastar púdar blaoisce uibhe mar shubstaint bhunata.

(12) Ní chuirtear cosc leis an Rialachán seo ar iarratas eile a chur isteach ar phúdar blaoisce uibhe a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tsubstaint púdar blaoisce uibhe, ní fhormheastar í mar shubstaint bhunata.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia. (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

([6]) *Final Review report for the basic substance eggshell powder finalised by the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed on 11 July 2024 in view of the non-approval of eggshell powder as basic substance in accordance with Regulation (EC) No 1107/2009* [Tuarascáil chríochnaitheach maidir le hathbreithniú i dtaca leis an tsubstaint bhunata púdar blaoisce uibhe arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 11 Iúil 2024 d'fhonn gan púdar blaoisce uibhe a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN